Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Glao Oscailte Sligeach Ildánach 2024

Réamhrá:

Tá straitéis cúig bliana Shligigh don tréimhse 2023-2027 ag teacht le tionscnamh an Rialtais maidir leis an gcruthaitheacht a chur i lár an bheartais phoiblí den chéad uair riamh agus maidir le rochtain níos mó ar an gcruthaitheacht agus rannpháirtíocht níos mó inti a spreagadh agus a chur ar aghaidh chun feabhas a chur ar fholláine gach saoránaigh. Cothófar léi comhoibriú níos fearr agus níos nuálaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, agus idir ealaíontóirí, daoine cruthaitheacha, agus an pobal i gcoitinne chun gach duine a chónaíonn i Sligeach a chumhachtú agus a chumasú chun lán a gcumais chruthaithigh a bhaint amach.

Luachanna Éire Ildánach i Sligeach

Déanfar comhpháirtíocht Pobail Ildánacha a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla, agus rannpháirtíocht iontu.
ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.
iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.
iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil – idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach bhreise cláir spriocdhírithe i gcomhar a chothú.

Comhoibriú

Le linn dul i mbun idirchaidrimh agus comhairliúcháin leis an bpobal, sainaithníodh go bhfuiltear ag lorg comhoibrithe maidir le tionscadail nua agus gníomhaíochtaí clárbhunaithe nua a dhearadh agus a sholáthar, maidir le hacmhainní agus saoráidí a chomhroinnt, agus maidir le deiseanna nua a chruthú le haghaidh comhpháirtíochtaí cruthaitheacha agus comhghuaillíochtaí cruthaitheacha. Is é a bheidh i gcothú agus cur chun cinn a dhéanamh ar dheiseanna chun idirchaidreamh agus comhoibriú a dhéanamh ar fud raon leathan earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha ná an bhunchloch ar a mbainfear amach an straitéis le haghaidh cultúir agus cruthaitheachta i Sligeach.

Cumarsáid

Mar gheall ar an líon mór daoine cruthaitheacha agus ealaíontóirí a chónaíonn agus a oibríonn i gContae Shligigh, agus i bhfianaise an fhoinn ar dhaoine aonair agus ar phobail idirchaidreamh a dhéanamh leo,

leagadh béim ar an ngá le feasacht agus nascacht idir earnálacha a mhéadú. Is é a bheidh i líonraí a bhunú, i línte cumarsáide a fheabhsú agus i bhfeasacht a mhéadú go ginearálta ar na deiseanna chun idirchaidreamh a dhéanamh le pobail agus le daoine cruthaitheacha ná tosaíocht sa tréimhse atá romhainn agus is é an toradh a bheidh air sin ná saol cultúrtha feabhsaithe agus eispéireas cultúrtha feabhsaithe do mhuintir an Chontae.

Pobal

Tá pobail i gcroílár an chultúir agus na cruthaitheachta i gContae Shligigh maidir leis an lucht féachana, le rannpháirtithe, le tionól daoine cruthaitheacha agus le comhroinnt eispéireas agus acmhainní. Is é a bheidh in acmhainn agus toilteanas na bpobal chun páirt a ghlacadh i ndeiseanna cultúrtha a sholáthar ná an phríomhthoisc a bheidh taobh thiar de rath na Straitéise maidir le teacht ar spriocphobail ar fud an Chontae. Tacófar le pobail agus iad ag iarraidh gníomhaíochtaí cultúrtha a rochtain, a chruthú agus a sholáthar le leas gach duine, ag obair dóibh i gcomhpháirt le geallsealbhóirí eile.

Rannpháirtíocht

Saibhrítear beogacht earnáil cultúir agus cruthaitheachta Shligigh nuair a chothaítear rannpháirtíocht. Maidir le rochtain níos mó agus idirchaidreamh níos mó a bheith ag an bpobal le gach foirm den chultúr a éascú, spreagfar iad sin trí aghaidh a thabhairt ar eochairthosca amhail míbhuntáiste eacnamaíoch, sóisialta, fisiciúil agus geografach.

Is é atá sa **Ghlao Oscailte Éire Ildánach de chuid Chomhairle Contae Shligigh** ná deis do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair iarratas a dhéanamh ar chistiú chun comhoibriú le daoine cruthaitheacha agus le healaíontóirí, chun obair le pobail/le háiteanna spéise/leis na teicneolaíochtaí is nuálaí le linn fís Éire Ildánach a bhaint amach, i.e., chun cruthaitheacht a chumasú i ngach pobal agus chun deis a thabhairt do gach duine aonair lán a gcumais chruthaithigh a bhaint amach.

Iarrtar iarratais ar chistiú le haghaidh tionscadail a chuirfear ar siúl idir mí Aibreáin agus lár mhí Dheireadh Fómhair 2024. Roinnfear an cistiú ina thrí chatagóir: Tugtar cistiú 100% do thionscadail.

- Catagóir A) €500 - €1,000
- Catagóir B) €1,001 - €5,000
- Catagóir C) €5001 - €10,000

Féadfar iarratais ar chistiú a chur isteach chun tacú leis na téamaí Cultúir agus Cruthaitheachta seo a leanas:

- Áit Chruthaitheachta
- Geilleagar Cruthaitheach
- Pobail Ildánacha
- An Aeráid, an Bhithéagsúlacht agus an Comhshaol
- Óige Ildánach

Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh go soiléir chun go gcáileoidh do thionscadal lena bhreithniú:

- Cáilíocht an tionscadail agus cineál comhoibríoch an togra.
- Ní mór daoine cruthaitheacha agus/nó ealaíontóirí a bheith ag obair i gcomhar le pobail/le háiteanna spéise/leis na teicneolaíochtaí is nuaí a bheith i gceist le comhoibriú.
- An cumas chun teacht le fís agus tosaíochtaí Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Shligigh 2023-2027 agus chun iad a sholáthar. https://sligolibrary.ie/creative-ireland-programme/
- Cineál uathúil an tionscadail arna chur isteach mar thogra.
- An tairbhe d'ealaíontóirí gairmiúla agus do dhaoine cruthaitheacha sa phobal.
- An cumas chun an tionscadal a sholáthar sa bhliain 2024.
- Rialachas agus struchtúr soiléir an tsocraithe chomhoibríoch.
- A mhéid a chuirtear le feasacht ar na nithe seo a leanas agus a dtacaítear leo mar gheall ar an togra: Pobail Ildánacha, áit a n-oibríonn daoine le chéile chun a bpobail, a saol agus a dtimpeallacht a bhunathrú chun feabhais tríd an gcruthaitheacht.

Ní mór d'iarratasóirí rathúla a chinntiú go dtabharfar aitheantas poiblí san ábhar poiblíochta ar fad don **Chlár Éire Ildánach** agus/nó don **Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta**

- Preasráitis Meán Traidisiúnta agus Agallaimh
- Inneachar Meán Sóisialta
- An Fhógraíocht ar Fad

i ndáil le haon tograí a chistítear faoin tionscnamh seo, agus úsáid chuí á baint as na lógónna ábhartha a sholáthraítear.

I gcás gurb é atá i gceist le tograí ná obair nó gníomhaíocht lena mbaineann teagmháil le leanaí nó a bhaineann le gníomhaíochtaí oideachasúla, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla a sholáthar do leanaí, ní mór d'údaráis áitiúla a chinntiú go gcuirfear iarratasóirí ar an eolas faoina n-oibleagáidí agus a chinntiú go gcloífidh a mBeartas Cosanta/Cumhdaigh Leanaí le treoirlínte náisiúnta agus/nó áitiúla.

Ceanglais Chánach

Ní gá d'iarratasóirí a dhéanann iarratas ar chistiú chuig an nGlao Oscailte Sligeach Ildánach seo a bheith cláraithe chun críocha cánach. Má tá an t-iarratasóir cláraithe chun críocha cánach, ceanglófar air cloí leis na rialacha cánach. Ar aon dul le nósanna imeachta athbhreithnithe maidir le himréiteach cánach, a tháinig in éifeacht i mí Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus an Uimhir Thagartha Cánach a chur isteach chuig an údarás áitiúil chun críocha fiorúcháin. Níor cheart CBL a íoc ach amháin i gcás go bhfuil sé ar áireamh sa togra.

***Daoine Cruthaitheacha:** Seasann sé seo d'aon duine a oibríonn i dtionscal cruthaitheach/in earnáil chruthaitheach, lena n-áirítear an cheardaíocht, an dearadh, an faisean, an ailtireacht, an scannánaíocht, an ghrianghrafadóireacht agus an bia.

Ní mór an t-airgead ar fad arna dheonú sa ghlao seo a tharraingt anuas agus ní mór na héilimh

uile a chur isteach faoin 31 Deireadh Fómhair 2024.

Seisiún Faisnéise Poiblí – Glao Oscailte 2024

19 Márta	Leabharlann Lárnach Shligigh	1 p.m. – 2 p.m.
19 Márta	Leabharlann Phobail Thobar an Choire	6 p.m. – 7 p.m.
20 Márta	Halla Pobail an Droma Mhóir Thiar	7 p.m. – 8 p.m.
21 Márta	Leabharlann Phobail Bhaile an Mhóta	6 p.m. – 7 p.m.

GLAO OSCAILTE SLIGEACH ILDÁNACH 2024

FOIRM IARRATAIS

Comhlánaigh GACH rannán den iarratas.
Léigh na Critéir le haghaidh Measúnachta agus déan tagairt dóibh sna freagraí uait.

CATAGÓIR CISTIÚCHÁIN Ó SLIGEACH ILDÁNACH

Ní fhéadfar cistiú a úsáid chun tacú le tograí atá ann cheana ná chun aon chríche eile nach mbaineann leis na cláir thuas. Ní fhéadfaidh tú iarratas a dhéanamh ach ar Chatagóir Cistiúcháin amháin.

An méid atáthar ag iarraidh **€**

Cuir Tic le Catagóir Amháin

Catagóir A **€500 - €1,000**		**Catagóir B** **€1,001 - €5,000**		**Catagóir C** **€5,001 - €10,000**	

Déan cur síos ar d'eagraíocht: Cén stádas agus struchtúr atá aici? (e.g., Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta, Carthanas Cláraithe, Deonach, etc.) Luaigh an struchtúr rialachais agus an struchtúr soláthar foirne/feidhmiúcháin.

Eagraíocht:	Teagmhálaí:
Seoladh:	Teileafón:
	Fón Póca:
	Ríomhphost:
	Suíomh Gréasáin:

Rialachas/Coiste

Ainm an Chomhalta den Choiste:	Post, Ról, Scileanna nó Dualgais:
Baill Foirne nó Oibrithe Deonacha	

Mionsonraí Bainc

Ainm ar an gCuntas Bainc:	Uimhir Chuntais:
Sealbhóir Cuntais:	Cód Sórtála Bainc:
Seoladh an Bhainc:	
IBAN:	BIC:

<u>Tabhair faoi deara: Ní mór an t-ainm ar cheanntásc an ráitis bainc a bheith ag teacht leis an ainm ar an bhfoirm socraithe soláthraí</u>.

Déan cur síos ar d'Institiúid/do Ghrúpa agus go háirithe ar an ngné chomhoibríoch le Pobail i gContae Shligigh.

An Tionscadal

Ainm an Tionscadail:
Láthair:
Dáta(í)/Fad:

Éire Ildánach Shligigh

Cé acu de théamaí nó tosaíochtaí Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Contae Shligigh a oireann is fearr do do thionscadal? Ná roghnaigh ach ceann **AMHÁIN**.

1.Áit Chruthaitheachta	
2. Geilleagar Cruthaitheach	
3.Pobail Ildánacha	
4.An Aeráid, an Bhithéagsúlacht agus an Comhshaol	
5.Óige Ildánach	

Cur Síos ar an Tionscadal:

Inis dúinn faoin tionscadal. Le linn déanamh amhlaidh, tabhair breac-chuntas ar conas a thángthas air, cad is aidhm dó a bhaint amach, cé atá páirteach ann, conas atá sé eagraithe, agus conas a chomhlíonann sé critéir mheasúnachta na scéime.

Tabhair mionsonraí má táthar ag tacú le haon ghnéithe den tionscadal seo cheana féin trí cheann ar bith de shruthanna cistiúcháin Chomhairle Contae Shligigh nó trí fhoinsí eile cistiúcháin nó urraíochta (an Chomhairle Ealaíon, Clár LEADER, Sligeach, etc.)

Séanadh

Beidh sé ina choinníoll de chuid aon iarratais ar chistiú faoi théarmaí agus coinníollacha an Ghlao Oscailte Éire Ildánach de chuid Chomhairle Contae Shligigh go mbeidh na nithe seo a leanas léite, tuigthe agus comhaontaithe ag an iarratasóir:

1. Ní bheidh Comhairle Contae Shligigh faoi dhliteanas an iarratasóra nó aon pháirtí eile i leith aon chaillteanais, aon damáiste nó aon chostas de chineál ar bith a eascraíonn go díreach nó go hindíreach uathu seo:
    a) An t-iarratas nó ábhar an iarratais.
    b) An diúltú ar aon chúis d'aon iarratas.
2. Ní choimeádfar Comhairle Contae Shligigh freagrach ná faoi dhliteanas, ag aon am agus in aon imthosca, i leith aon ní ar chor ar bith a thagann chun cinn i dtaca le riar gníomhaíochtaí. I ndáil le hairgead arna sholáthar ag Comhairle Contae Shligigh, ní thugann an chomhairle faoin ról mar 'Chliant' ná mar 'Fhostóir' mar a shainmhínítear san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
3. Nuair a chuireann iarratasóirí iarratas isteach, comhaontaíonn siad lena bhfaisnéis a bheith á próiseáil agus á nochtadh ag Comhairle Contae Shligigh, agus do thríú páirtithe eile más gá, chun an Ciste a riar agus chun críocha tuairiscithe, meastóireachta agus iniúchóireachta; agus toilíonn iarratasóirí rathúla freisin leis an bhfaisnéis sin (e.g., ainm an iarratasóra rathúil, méid na dámhachtana, mionsonraí imeachtaí, etc.) a bheith á nochtadh ag na páirtithe sin i ndáil le margaíocht nó cur chun cinn an Chiste. Is páirtithe i Meabhrán Tuisceana iad Comhairle Contae Shligigh agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar meabhrán tuisceana é ina léirítear téarmaí an tsocraithe idir na páirtithe, agus comhaontaíonn na páirtithe uile sin le bearta cuí a úsáid chun sonraí na n-iarratasóirí a choinneáil slán sábháilte; chun nochtadh agus athrú neamhúdaraithe nó timpisteach na sonraí sin agus rochtain neamhúdaraithe nó thimpisteach

orthu a chosc; agus chun a chinntiú nach bpróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin de réir fhorálacha iomchuí na reachtaíochta um Chosaint Sonraí.

Bainfear úsáid as na critéir mharcála seo a leanas –

Critéar A		Uasmharcanna
Cáilíocht an tionscadail agus an idirchaidrimh chomhoibríoch idir Daoine Cruthaitheacha agus Pobail		200
Critéar B		**Uasmharcanna**
Ailíniú an tionscadail leis na Téamaí Cultúir agus Cruthaitheachta arna leagan amach		200
Critéar C		**Uasmharcanna**
Cineál uathúil an tionscadail arna chur isteach		200

D'IARRATAS A SHEOLADH

Cuir d'fhoirm iarratais isteach **le ríomhphost freisin, más féidir, agus an méid seo clóscríofa sa Bhosca Ábhair:** ***Glao Oscailte Sligeach Ildánach: 2024*** chuig creativeireland@sligococo.ie
Is féidir aon cheisteanna a chur ar an Oifigeach Rannpháirtíochta Pobal Cruthaitheach ag an seoladh ríomhphoist thuas nó ag 0719111691

DÁTA DEIRIDH: **4 pm an 26 Márta 2024**

NÍ FHÉADFAR IARRATAIS DHÉANACHA A BHREITHNIÚ IN AON IMTHOSCA.

Ní gá ach **cóip amháin** d'ábhar tacaíochta a chur isteach.

Is féidir an méid seo a leanas a chur isteach le ríomhphost:

- Is gá litreacha tacaíochta a chur isteach i gcás ina bhfuil comhpháirtíochtaí, pobail nó tacaí eagraíochtúla eile liostaithe faoi chlár nó faoi ioncam.
- Má bhaineann d'eagraíocht, d'imeacht nó do ghníomhaíocht le hobair le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, ní mór duit cóip de Bheartas Cosanta/Cumhdaigh Leanaí d'eagraíochta a chur isteach.
- Foilseacháin/ábhar preasa ó do ghníomhaíochtaí roimhe, agus iad teoranta don dá bhliain atá imithe thart
- CVanna/faisnéis bheathaisnéiseach maidir le healaíontóirí/le coimeádaithe/le taibheoirí/le héascaitheoirí ar mian leat iad a fhostú le haghaidh do chláir.

Tabhair faoi deara: Má sheolann tú le casadh an phoist aon ábhar ar mian leat go seolfaí ar ais é, cuir imchlúdach atá faoi stampa is seoladh agus de mhéid chuí i dteannta an iarratais uait agus luaigh na míreanna sin ar mian leat go seolfaí ar ais iad.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil le creativeireland@sligococo.ie